# Nuachtlitir Oideachas Reiligiúnach - Nollag 2021

@jct_RE www.jct.ie info@jct.ie

**A Chomhghleacaithe in OR,**

Fáilte chuig eagrán mhí na Nollag de nuachtlitir OR na Sraithe Sóisearaí. Sna míonna amach romhainn, leanfaimid orainn ag fiosrú 8 bPrionsabal na Sraithe Sóisearaí agus conas a thagann siad chun cinn i seomra ranga an OR. In eagrán na míosa seo, leagaimid béim ar roinnt dátaí tábhachtacha do do dhialann. Cuirfimid ailt ar fáil arís ar theicneolaíocht sa seomra ranga agus ceann a dhíríonn ar OR agus ar na hEalaíona.

## Imeachtaí mhí na Nollag atá le teacht agus Imeachtaí agus ceiliúradh na Nollag atá le teacht ón bhféilire idirchreidmheach:

**8ú** **Féile Ghiniúint Mhuire Gan Smál (Críostaí)**

**8ú** **Lá Bodhi (Búdaíoch)**

**10ú** **Lá Chearta an Duine (Idirnáisiúnta)**

**25ú** **Lá Nollag**

## Cnuaslá 2020-2021

Tá treoracha físe ar fáil ar líne anois maidir le príomhábhar Lá an chroí-FGL againn in 2020/21, dar teideal *Comhthuiscint a fhorbairt ar Phleanáil do Churaclam Foghlameoirdhírithe in OR na Sraithe Sóisearaí,* mar aon le PDFanna idirghníomhacha áisiúla chun dul i ngleic leis na hábhair. https://www.jct.ie/leagangaeilge/religious_education/cpd_workshops_2020_2021_ga


Ceardlann FGL 2020/2021

Tá fáilte mhór romhat chuig an Treoir ghairid seo maidir leis na hábhair do Lá FGL an Oideachais Reiligiúnaigh in 2020/2021. Is é atá i gceist leis an Treoir seo forléargas a thabhairt ar ábhar, teachtaireachtaí agus pléphointí na n-ábhar FGL agus tú ag plé leo mar dhuine aonair, mar bhall de ghrúpa múinteoirí nó de Roinn Ábhair. Beidh na hábhair ina gcabhair do mhúinteoirí nach raibh in ann freastal ar an gceardlann san Oideachas Reiligiúnach ar a gcnuaslá FGL in 2020/2021, do mhúinteoirí nua-cháilithe nó do mhúinteoirí atá ag múineadh Oideachas Reiligiúnach den chéad uair sa tSraith Shóisearach. Beidh suim ag múinteoirí a d'fhreastail ar an gceardlann FGL ina gcnuaslá 2020/2021 agus ar mhaith leo *athbhreithniú a dhéanamh ar* na hábhair.

Réamhrá

San fhíseán tosaigh agus sa PDF seo tugtar forléargas ar lá FGL an Oideachais Reiligiúnaigh in 2020/2021. Is í seo an intinn foghlama don ábhar FGL seo:

Ár gcomhthuiscint ar phleanáil a fhorbairt do churaclam atá dírithe ar fhoghlaimeoirí in Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí.

Fiseán Tosaigh

Cineál comhaid: YouTube

Cliceáil ar an íomhá chun seinm

FGL ar líne Cnuaslá Forbhreathnú agus Naisc

Cineál comhaid: PDF

Cliceáil chun breathnú nó chun íoslódáil

Ag Obair le Torthaí Foghlama

Cuid 1 Fiseán

Cuid 1 Cur i Láthair PPT

## FGL Cnuaslá 2022

Bíonn ár gcéad laethanta braisle FGL eile ar siúl ó Eanáir go Márta, áit a ndéanfaimid iniúchadh breise ar an measúnú in RE na Sraithe Sóisearaí. Is treoir é an físeán seo a leanas maidir le hullmhú do do lá braisle ar líne:https://www.youtube.com/watch?v=sePOmOH_xTk

## Prionsabail na Sraithe Sóisearaí : Dul i nGleic agus Rannpháirtíocht

An mhí seo díríonn muid ar an bpríomhphrionsabal Gleic agus Rannpháirtíocht. Maidir leis an bprionsabal sin, tá an méid seo le rá i gCreat don tSraith Shóisearach (2015), leathanach 11:




*Trí churaclam, measúnú, teagasc agus foghlaim den scoth spreagtar scoláirí a bheith níos neamhspleáiche san fhoghlaim, a bheith rannpháirteach agus díograiseach agus dul i ngleic le dúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil* .

## Dul i nGleic agus Rannpháirtíocht in OR

Baineann an prionsabal áirithe seo leis an gcuraclam iomlán, lena n-áirítear OR a mbreathnóimid air sa chéad chuid eile de nuachtlitir na míosa seo.

Tugann rannpháirtíocht in OR deiseanna do scoláirí iniúchadh a dhéanamh ar an réimse creidimh agus cultúir éagsúla timpeall orthu agus dul i ngleic leo. Sa tsonraíocht OR, spreagtar na scoláirí chun smaoineamh, díospóireacht a dhéanamh agus dul i ngleic le hábhair éagsúla. Dá bhrí sin, ba chóir go mbeadh an seomra ranga OR againn ina áit ina n-éiríonn leis an bplé agus ina spás ina n-éascaítear rannpháirtíocht na scoláirí i saincheisteanna agus i gceisteanna "MÓRA" faoin domhan timpeall orainn. Dá thoradh sin, is féidir le seomra ranga an OR cabhrú le luachanna a chothú amhail caoinfhulaingt, meas agus tuiscint chomh maith le saoránacht fhreagrach a chur chun cinn.

## Dul i nGleic le Déantáin Naofa

D'fhreastail foireann Oideachais Reiligiúnach SSM ar fhóram náisiúnta faoi theagasc Reiligiúin dhomhanda i Leabharlann Chester Beatty i gcomhar le MIC Luimnigh agus le Fóram Idirchreidmheach Chathair Bhaile Átha Cliath. Lá den scoth a bhí ann de mhachnamh agus de phlé agus muid ag in-iúchadh siombalachais agus úsáid déantán sna traidisiúin reiligiúnacha éagsúla. Cliceáil anseo le haghaidh físeán gearr ina ngabhtar roinnt buaicphointí ón lá.



Chuir ceannaire foirne OR SSM, an Dr Ailís Travers, caint i láthair ag an ócáid faoi úsáid déantáin naofa agus bailiúcháin músaem ar líne sa teagasc agus san fhoghlaim. Dhírigh sé seo ar ról na cruthaitheachta sa tSraith Shóisearach. Leag sí béim, go háirithe, ar an tábhacht a bhaineann le ceisteanna a chur chun cruthaitheacht, fiosracht agus rannpháirtíocht i gclár OR na Sraithe Sóisearaí a spreagadh. Roinne-adh straitéisí seomra ranga chun cabhrú le foghlaim go cruthaitheach le déantáin fhisiciúla agus ac-mhainní digiteacha a d'fhorbair foireann OR SSM le rannpháirtithe.
https://youtu.be/6AeZPulMD_Q

## Teicneolaíocht sa Seomra Ranga

Is ardán dearadh grafach é Canva is féidir a úsáid chun bileoga oibre, cuir i láthair, póstaeir, doiciméid agus ábhar amhairc eile a chruthú. Cuimsíonn an aip teimpléid úsáideacha chomh maith le treoir chabhrach maidir leis an dóigh chun íomhánna agus grafaic faisnéise a dhearadh do do sheomra ranga. I dtaca le do chuid scoláirí, is féidir Canva a úsáid mar cheann de na huirlisí cruthaitheacha atá agat le haghaidh tionsca-dail ranga, mar shamplaí, MRBnna nó cuir i láthair sa seomra ranga. Níos tábhachtaí fós, tá an aip saor in aisce do mhúinteoirí nuair a chláraíonn siad lena ndintiúir ón gComhairle Mhúinteoireachta.
https://www.canva.com/education/

## OR agus na hEala-

Ar nós *Carúl Nollag* Charles Dickens, *Is saol iontach é* is carachtar lagmhisniúil éadóchasach é George Bailey a mhothaíonn nár éirigh leis sa saol cionn is nár imigh sé as a bhaile Bedford Falls riamh. Tar éis dó gnó a athar a fháil mar uacht agus titim i ngrá leis an gcailín béal dorais, tá Bailey é féin i gcruachás a thabharfaidh a dhúshlán ó thaobh na foighne, a nirt inmheánaigh agus ghrá a theaghlaigh de. Trí fhanacht sa bhaile, áfach, ní thuigeann George cé mhéad duine a ndeachaigh sé i bhfeidhm ar a saol lena bheo.



De réir mar a fhorbraíonn an scannán, feicimid George ag tabhairt faoi thuras féinfhionnachtana agus é ag foghlaim faoi na rudaí tábhachtacha agus bunúsacha sa saol.

Scrúdaíonn obair bhunúsach an Stiúrthóra Frank Capra téamaí a bhaineann le seomra ranga OR SS: an duine daonna ar lorg brí, luach saol an duine, tábhacht an chairdis agus an phobail agus na deacrachtaí a bhaineann le saint agus le tráchtáil.

## Deismireacht na Míosa

*“Tógadh an Nollaig ar pharadacsa álainn d'aon ghnó; gur chóir breith na ndaoine gan dídean a cheiliúradh i ngach teach."*
**- GK Chesterton**



## Liosta Ríomphoist

Má tá aon chomhghleacaithe agat nach bhfuair an nuachtlitir seo, spreag iad chun clárú lenár liosta seoltaí anseo:

*Táimid ag tnúth libh a fhéiceáil ar Zoom i 2022,*

***Foireann an Oideachais Reiligiúnaigh***